Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0105 (COD)**

**8411/18**
**ADD 2**

**ENFOPOL 190**
**JAI 343**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Aibreán 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 115 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 115 final.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 115 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 17.4.2018
SWD(2018) 115 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle**

{COM(2018) 213 final} - {SWD(2018) 114 final}

| **Bileog Achoimre Feidhmiúcháin** |
|---|
| Measúnú tionchair ar úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile a éascú le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Is minic a oibríonn grúpaí coiriúla agus sceimhlitheoirí ar fud Ballstáit dhifriúla agus is minic a bhíonn a sócmhainní, lena n-áirítear cuntais bhainc, lonnaithe in áiteanna ar fud an Aontais Eorpaigh nó lasmuigh de. Tá seans ann go bhfágfaidh a ngníomhaíochtaí airgeadais rian faisnéise i mBallstáit eile ina ndiaidh, rud a fhéadann cabhrú go mór le himscrúdaitheoirí. Is é an toradh atá ar easpa rochtana nó rochtain mhoillithe ar fhaisnéis airgeadais agus ar fhaisnéis cuntas bainc go gcuirtear bac ar bhrath na sreafaí airgeadais a eascraíonn as gníomhaíocht choiriúil. Tá seans ann nach mbraithfear fáltais na coireachta nó nach bhféadfar iad a chalcadh.<br>De bhreis air sin, bíonn Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais ag dul i ngleic le bacainní ar an gcomhar eatarthu agus ar rochtain a fháil ar fhaisnéis forfheidhmithe dlí atá ábhartha do chomhlíonadh a gcúraimí faoi Threoir (AE) 2015/849, an 4ú Treoir maidir le Sciúradh Airgid a Chomhrac. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is é is aidhm don tionscnamh seo an tslándáil sna Ballstáit den Aontas agus ar fud an Aontais araon a mhéadú trí rochtain níos fearr ar fhaisnéis airgeadais, lena n-áirítear faisnéis cuntas bainc, a thabhairt do na húdaráis inniúla agus na comhlachtaí atá freagrach as saghsanna tromchúiseacha coireachta a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, trí fheabhas a chur ar an gcumas atá acu imscrúduithe airgeadais agus anailís airgeadais a dhéanamh agus trí fheabhas a chur ar an gcomhar atá ar bun eatarthu. Aidhm eile atá leis an tionscnamh is ea feabhas a chur ar an gcumas atá ag na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais na cúraimí atá orthu faoin 4ú Treoir maidir le Sciúradh Airgid a Chomhrac a chomhlíonadh. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Is é an toradh a bheadh ar bheart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais go soláthrófaí cur chuige comhchuibhithe le haghaidh an rochtain atá ag údaráis inniúla agus comhlachtaí ar fhaisnéis airgeadais a éascú chun críocha an choireacht thromchúiseach a chomhrac agus le haghaidh neartú a dhéanamh ar an gcumas atá ag na hÚdaráis um Fhaisnéis Airgeadais sciúradh airgid, a chionta preideacáide agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac. Mar gheall ar an ngné trasteorann a bhaineann leis na coireanna sin, ar an ngá iarmhartach a bhíonn le rochtain níos tapa a bheith ag údaráis inniúla ar fhaisnéis ar mhaithe lena n-anailísí agus a n-imscrúduithe a éascú agus ar mhaithe le hobair i gcomhar lena chéile ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal trasteorann araon, tá gá ann le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun comhar réidh idir na húdaráis a éascú agus chun cabhrú leo faisnéis ábhartha a rochtain agus a mhalartú. |

| B. Réitigh |
|---|
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Breithníodh **Rogha O**, ar rogha bheartais neamhreachtach í, agus **13** rogha bheartais reachtacha agus cuireadh iad sna grúpaí seo a leanas:<br>• **Bloc A: "CÉN FÁTH"** ar cheart do na húdaráis inniúla rochtain a bheith acu ar fhaisnéis airgeadais nó í a mhalartú?<br>**ROGHA A.1:** chun sciúradh airgid, a chionta preideacáide agus maoiniú na sceimhlitheoireachta amháin a chosc agus a chomhrac.<br>**ROGHA A.2:** i dtaca leis na "coireanna Eorpacha" a leagtar amach in Airteagal 83(1) CFAE amháin.<br>**ROGHA A.3:** i dtaca leis na saghsanna coireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le Europol.<br>• **Bloc B: "CONAS"** ba cheart d'údaráis phoiblí faisnéis airgeadais a rochtain agus a mhalartú?<br>**ROGHA B.1**: rochtain a thabhairt d'údaráis inniúla ar na clárlanna láraithe náisiúnta cuntas bainc i gcomhréir le 1) **Fo-rogha B.1.a**: rochtain dhíreach; nó 2) **Fo-rogha B.1.b**: rochtain indíreach.<br>**ROGHA B.2**: rochtain a thabhairt d'údaráis inniúla ar an bhfaisnéis airgeadais ar fad eile i gcomhréir le 1) **Fo-rogha B.2.a**: rochtain dhíreach; nó 2) **Fo-rogha B.2.b**: trí na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais.<br>**ROGHA B.3**: bearta a dhéanamh lena n-éascaítear malartú faisnéise idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus an cumas atá ag Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais an fhaisnéis a shealbhaíonn údaráis inniúla a rochtain agus a mhalartú i gcomhréir le 1) **Fo-rogha B.3.a:** comhar díreach idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais; nó 2) **Fo-rogha B.3.b:** Aonad lárnach um Fhaisnéis Airgeadais a bhunú.<br>• **Bloc C: "CÉ"** hiad na húdaráis phoiblí a bhfuil feidhm ag na coinníollacha maidir leo?<br>**ROGHA C.1:** maidir le húdaráis phoiblí atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh<br>**ROGHA C.2:** maidir leis na húdaráis phoiblí a chuirtear ar áireamh i Rogha C.1 agus, anuas air sin, 1) **Fo-rogha C.2.a**: na hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní; 2) **Fo-rogha C.2.b**: Europol; 3) **Fo-rogha C.2.c**: OLAF<br>I dtaca leis an **rochtain atá ag údaráis inniúla ar fhaisnéis a choimeádtar i gclárlanna cuntas bainc**, **is í teaglaim de roghanna A.3, B.1.a, C.2.a agus C.2.b an rogha bheartais thosaíochta.**<br>I dtaca leis an **rochtain atá ag údaráis inniúla ar fhaisnéis bhreise airgeadais**, is í teaglaim de roghanna **A.3**, **B.2.b** agus **C.2.b** an **rogha bheartais thosaíochta**.<br>Chun **aghaidh a thabhairt ar na bacainní ar chomhar trasteorann idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus ar na deacrachtaí a bhíonn ag Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus iad ag iarraidh obair i gcomhar lena gcomhpháirtithe intíre is údaráis forfheidhmithe dlí**, is í teaglaim de roghanna **A.1**, **B.2.b, B.3.a** agus **C.2.b** an rogha bheartais thosaíochta. |

| Cé atá i bhfách leis an rogha thosaíochta? |
|---|
| D'aontaigh na páirtithe leasmhara gurbh amhlaidh, dá ndeonófaí rochtain ar chlárlanna láraithe cuntas bainc, go méadófaí a éifeachtaí atá imscrúduithe forfheidhmithe dlí agus go seachnófaí na costais agus an t-ualach riaracháin atá bainteach le hiarrataí neamh-spriocdhírithe a sheoltar chuig na bainc. D'aontaigh an chuid is mó de na freagróirí ar an gcomhairliúchán poiblí go ndeonódh siad rochtain d'údaráis inniúla, lena n-áirítear Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní. Aontaíonn na Ballstáit go n-éascóidh siad an comhar idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus an malartú faisnéise idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus údaráis inniúla. I suirbhé Eorabharaiméadair a rinneadh le déanaí, d'aontaigh 92 % de na freagróirí gur cheart d'údaráis náisiúnta faisnéis a chomhroinnt le húdaráis na mBallstát eile den Aontas ar mhaithe leis an gcoireacht agus an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac ar bhealach níos fearr. |

| C. Tionchar na rogha tosaíochta |
|---|
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
| Meastar gurbh é an toradh a bheadh ar an rogha thosaíochta go soláthrófaí modhanna níos fearr le haghaidh an tslándáil a mhéadú agus an choireacht a chomhrac san Aontas. Sholáthrófaí léi rochtain níos tapa ar fhaisnéis airgeadais atá sainithe go soiléir agus comhar níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus údaráis inniúla. Threiseofaí léi an acmhainneacht atá ag údaráis inniúla, lena n-áirítear Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní agus Europol, faisnéis thábhachtach airgeadais a rochtain go tapa, rud atá ríthábhachtach in imscrúduithe airgeadais. Toradh eile a bheadh ar an rogha thosaíochta is ea go méadófaí go mór an cumas atá ag Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais anailís airgeadais a dhéanamh ar mhaithe le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc. Leis an rogha thosaíochta, mhéadófaí costais agus an t-ualach riaracháin atá bainteach le "hil-**iarrataí"** neamh-spriocdhírithe a sheoladh agus freagra a thabhairt orthu. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| Meastar gurb ionann agus suim idir € 5 000 agus € 30 000 na costais aonuaire a bhaineann leis an rogha thosaíochta a chur chun feidhme, rud lena dtabharfar rochtain dhíreach ar chlárlanna láraithe cuntas bainc agus ar chórais aisghabhála sonraí (ní mór na costais sin a iolrú faoin líon údarás a bheidh ceangailte leis na clárlanna láraithe cuntas bainc agus leis na córais aisghabhála sonraí). Is iad na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais go príomha a thabhóidh na costais a bhaineann le faisnéis airgeadais a rochtain trí na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais. |
| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** |
| Ní mheastar go mbeidh aon chostais bhreise ann d'earnáil na baincéireachta. Ina ionad sin, is amhlaidh go dtiocfadh coigiltí suntasacha airgeadais do na bainc as an tionscnamh seo mar nach mbeadh orthu il-iarrataí ó na húdaráis inniúla a phróiseáil ná freagra a thabhairt orthu. Ní mheastar go mbeidh aon tionchar suntasach ann ar FBManna agus ar mhicrifhiontair. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Beidh tionchar ann ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta mar thoradh ar na costais a bhaineann le rochtain dhíreach a chur chun feidhme ar chlárlanna láraithe cuntas bainc agus ar chórais aisghabhála sonraí agus mar thoradh ar na costais a bhaineann le faisnéis airgeadais a rochtain trí na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais. Mar sin féin, ba cheart go bhfritháireofaí na costais sin le laghdú i gcostais reatha riaracháin agus airgeadais na n-údarás inniúil agus leis na coigiltí costais a d'eascródh as comhar níos éifeachtúla a bheith ar bun idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus údaráis inniúla. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Bheadh tionchar ag na bearta a bheartaítear ar chearta bunúsacha; d'íoslaghdófaí an cur isteach ar an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint ós rud é gur teoranta atá an rochtain agus nach dtugtar í ach amháin do na húdaráis ábhartha, rud a áiritheoidh go mbeidh comhréireacht ann. Ceadófar rochtain dhíreach ar chlárlanna láraithe cuntas bainc/ar chórais aisghabhála sonraí toisc nach bhfuil ach faisnéis theoranta iontu. Beifear in ann rochtain a thabhairt ar chineálacha eile faisnéise airgeadais trí na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais. Ní théann na roghanna tosaíochta thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a ghnóthú agus meastar iad a bheith ar na hionstraimí lena ndéanfar an cur isteach is lú ar leibhéal an Aontais, ar aon dul leis na ceanglais arna leagan amach ag an gCúirt Bhreithiúnais. Ní rachadh aon togra dlíthiúil sa todhchaí i bhfeidhm ar aon choimircí nós imeachta a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus sholáthrófaí coimircí diana leis, rud a mhaolódh aon tionchar diúltach ar chearta bunúsacha. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme éifeachtach na n-ionstraimí reachtacha a bheartaítear agus, bunaithe ar chomhairliúcháin leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, déanfaidh sé meastóireacht ar a n-éachtaí i gcomparáid lena gcuspóirí agus ar na fadhbanna a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu laistigh de 3 bliana tar éis na bearta a bheartaítear a ghlacadh. |